



Valuation Office  
Oifig Luachála

**Oifig Luachála**  
Plean  
Straitéiseach

**2018**  
**2020**

# Clár

Réamhrá	2
Léargas ar ár gcuid Oibre	3
Gluais	4
Cé sinn agus cad a dhéanaimid	6
Ár Luachanna	7
Maith a Dhéanamh dár gCuid Luachanna	8
Treoirphrionsabail	8
Ag Obair lenár bPáirtithe Leasmhara	9
Páirtithe Leasmhara Seachtracha	9
An Timpeallacht ina nOibrímid	10
Tosaíochtaí Straitéiseacha	12
Tosaíocht 1: Freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara	13
Tosaíocht 2: Cumas eagraíochtúil a Fhorbairt	17
Tosaíocht 3: Éifeachtacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú	19
Tosaíocht 4: Rialachas agus Cuntasacht	22
Tosaíocht 5: Ullmhú do bhunú Tailte Éireann	24



# Réamhrá

Éilítear ar an Oifig Luachála faoi fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 ráiteas straitéise a ullmhú laistigh de shé mhí ó thagann Aire nua de chuid an Rialtais i bhfeighil na hOifige. Is tarlú dá leithéid sin, feidhmeanna na hOifige Luachála a aistriú chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón 1 Eanáir 2018.

Cuireann an plean seo leis na spriocanna a bhí sa phlean díreach roimhe seo – *Luach ar ár gCumas* - agus ina leagtar amach mar a dhíreoimid ar ár bhfreagrachtaí a bhaint amach agus ar bheartais agus tionscnaimh de chuid an Rialtais a chur i bhfeidhm thar na chéad trí bliana atá romhainn. Leagtar amach ár gcuspóirí straitéiseacha sa phlean seo agus mar atá sé beartaithe againn na cuspóirí sin a bhaint amach mar eagraíocht.

I gcomhréir le fíis na heagraíochta, leanfaimid leis an gclár athraithe agus athnuachana mar a bhí ar bun go dtí seo in éineacht le *Clár Athnuachana na Státseirbhíse*. Is éard atá i gceist leis seo ná cur leis an acmhainn atá againn agus an eagraíocht a láidriú, modhanna oibre níos nuálaí a ghlacadh, an leas is mó a bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha, leas a bhaint as réimse leathan foinsí faisnéise agus dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a rachaimid i mbun ár gcuid oibre.

Beidh sé ina chuid lárnach dár gcuid oibre le linn na trí bliana atá amach romhainn dlús a chur leis an gClár Náisiúnta Athluachála a thabhairt chun críche. Seo é an chéad chlár luachála dá leithéid a bhí ann ó lár an naoú haois déag ina leagtar amach spriocanna dúshlánacha agus uaimhianacha i dtreo an clár a thabhairt i gcrích. Chomh maith leis sin cuirfimid clár beartas i bhfeidhm a mbeidh seirbhís éifeachtach athbhreithnithe dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcustaiméirí le linn shaolré an phlean seo mar thoradh air.

Is tosaíocht atá ann fós an Oifig Luachála, an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann a chumasc mar Thailte Éireann, agus táimid ag fanacht ar fhoilsiú na reachtaíochta seo chun é seo a chur i gcrích. Idir an dá linn, leanfaimid ag obair ar phleanáil agus ar leagan amach bhonneagar riachtanach na heagraíochta nua agus leanfaidh an Oifig Luachála ag tabhairt gach tacaíochta dó chuige sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chuidiú ar fad a thug ár bpáirtithe leasmhara chun an plean seo a fhorbairt. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do fhoireann chumasach, dhíograiseach agus tiomanta na hOifige Luachála a bheidh freagrach as an straitéis seo a chur i gcrích. Beidh an tiomantas sin, in éineacht leis an dlúthchaidreamh oibre atá againn lenár bpáirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den tSeirbhís Phoiblí barrthábhachtach len í a chur i gcrích agus do rath leanúnach na heagraíochta.

John O'Sullivan  
An Coimisinéir Luachála  
30 Meitheamh 2018

# Léargas ar ár gcuid Oibre

Is Oifig Rialtais neamhspleách sinn ar státseirbhísigh iad an fhoireann agus a bhfuil an Coimisinéir Luachála i gceannas uirthi. Is é John O’Sullivan sealbhóir reatha an phoist seo, agus ceapadh chuig an bpost é faoi alt 9 d’Acht Luachála 2001.

Is é gnó lárnach na heagraíochta luachálacha cruinne, cothrom le dáta ar mhaoine tráchtála agus tionsclaíochta a chur ar fáil d’íocóirí rátaí agus d’údaráis áitiúla Tá na luachálacha seo ina gcuid dhílis den chóras rátála tráchtála in Éirinn agus is iad atá mar bhonn ag gné an-suntasach d’ioncam rialtais áitiúil gach bliain.

Cuirimid seirbhís luachála ar fáil freisin do Ranna agus Oifigí Rialtais agus do ghníomhaireachtaí Stáit agus do chomhlachtaí poiblí eile. Tugaimid faoi luachálacha caipitil agus cíosa sa mhargadh oscailte lena n-áirítear luachálacha d’athbhreithnithe cíosa do na custaiméirí seo. Cuirtear luachálacha margaidh oscailte ar fáil do mhaoin atá á n-aistriú idir Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus údaráis agus gníomhaireachtaí poiblí eile ar fud na tíre.

Is caomhnóirí sinn ar chartlann taifead ar leith a chuireann faisnéis agus léargas ar fáil ar stair shóisialta na hÉireann le linn na tréimhse idir 1850 agus 1990. Cuireann na taifid seo acmhainn shárluachmhar ar fáil do thaighde ginealaigh agus staire.



Tá an Oifig Luachála freagrach as an tseirbhís luachála Stáit in Éirinn ón mbliain 1830



Caitear thart ar **€10 milliún** in aghaidh na bliana ag cur seirbhísí ar fáil



Fostaítear thart ar **130 duine**



Is Oifig neamhspleách í atá faoi choimirce an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil



Is de réir obair na hOifige a gheartar tuairim is **€1.46 billiún** de chistíocht do na hÚdaráis Áitiúla gach bliain

# Gluais

## AXIA

An tionscadal a raibh córas mór nua ríomhaireachta mar thoradh air a thacaíonn le hoibríochtaí tábhachtacha na hOifige Luachála

## Éirim Ghnó

Próisis agus ríomhchórais a chur i bhfeidhm chun faisnéis a aithint, a aimsiú agus a anailísiú chun go mbeidh eagraíochtaí in ann cinntí a dhéanamh bunaithe orthu.

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Cuireann an Cód creat ar fáil do chomhlachtaí tráchtála agus neamhtráchtála an Stáit chun an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir leis an rialachas corparáideach. <https://www.per.gov.ie/en/revised-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/>

## Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse

Faoi Bheart 25 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, thug an Státseirbhís faoi 3 shuirbhé debhliantúla a chur i gcrích ag tosú i mí Mheán Fómhair 2015. Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh a rinne an suirbhé a fhorbairt agus a réachtáil. Tá dhá shuirbhé curtha i gcrích go dtí seo, ceann amháin in 2015 agus ceann eile in 2017

## Clár Athnuachana na Státseirbhíse

Léirítear fíis agus treoir atá nua ó bhun don Státseirbhís i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. <https://www.per.gov.ie/en/civil-service-renewal/>

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Is rialachán de chuid dhlí an AE é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) - EU 2016/679 a bhaineann le cosaint sonraí agus cosaint príobháideachta gach duine laistigh den Aontas Eorpach. Díritear freisin ar shonraí pearsanta a dhéantar a easportáil lasmuigh den AE.

## Córais Faisnéise Geografaí (GIS)

Ríomhtheicneolaíocht atá deartha chun sonraí geografacha nó spásúla a ghabháil, a stóráil, a ionramháil, a anailísiú agus a bhainistiú agus a chur i láthair atá ag tagairt do láithreacha ar domhain.

## Seirbhísí Bainistíochta Theicneolaíochta na Faisnéise (ITSM)

Is réimse gníomhaíochtaí agus beartas é ITSM a dhéanann eagraíocht chun na seirbhísí Faisnéise agus Teicneolaíochta Cumarsáide a chuirtear ar fáil do chliaint a leagan amach, a phleanáil, a sheachadadh, a oibriú agus a rialú.

## Fóram Ceannaireachta

An fhoireann ar a n-áirítear bainisteoirí líne agus bainisteoirí sinsearach atá i gceannas ar an gclár chun an Oifig Luachála a athrú agus a dhéanfaidh maoirsiú ar an bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm

## An Straitéis Náisiúnta Sonraí Oscailte 2017 – 2022:

Is é is aidhm don straitéis seo roghnú agus úsáid Sonraí Oscailte a spreagadh agus a chur chun cinn agus luach a chur leis an eacnamaíocht dá bharr trí thrédhearcacht a mhéadú, dlús a chur le hiarratais nua ghnó, iontaoibh a fhorbairt sa Rialtas agus feabhas a chur le saol saoránach trí sheirbhísí níos fearr a chur ar fáil. <http://www.per.gov.ie/wp-content/uploads/Final-Strategy-online-version.pdf>

## An Clár Náisiúnta Athluachála

An clár arna chur i bhfeidhm ag an Oifig Luachála i dtreo athluacháil sistéimeach a dhéanamh ar gach maoin inráitithe in Éirinn ar an mbunús contae le contae. Is é seo an chéad chlár athluachála náisiúnta ó lár an naoú haois déag.

## Luacháil le Cúnamh Áitritheora.

Cur chuige nua chun athluacháil a dhéanamh a bhfuil gnéithe den fhéinmheasúnú ann. Tá an cur chuige á réachtáil ar bhonn píolótach i limistéar údarás rátaíochta Chomhairle Contae Laoise

## OneLearning

Is Ionad Forbartha agus Foghlama de chuid Státseirbhíse na hÉireann é OneLearning a cuireadh ar bun le gairid

### **Sonraí Oscailte**

Is é an smaoineamh atá taobh thiar de Shonraí Oscailte ná go mbeadh sonraí a choinníonn comhlachtaí poiblí ar fáil agus inrochtana ar líne lena n-úsáid agus lena n-athdháileadh. Tugtar na tacair sonraí seo le chéile ar láithreán gréasáin inchoardaithe amháin ar an tairseach [data.gov.ie](http://data.gov.ie)

### **Ár Seirbhís Phoiblí 2020**

Is creat forbartha agus nuálaíochta sa tseirbhís poiblí é Ár Seirbhís Phoiblí 2020 a seoladh i mí na Nollag 2017. Díreofar ar thacaíocht a thabhairt do dhul chun cinn leanúnach agus inbhuanaithe ar fud na seirbhíse poiblí sa chéim seo d'athchóiriú na seirbhíse poiblí. Is é is aidhm leis seirbhís poiblí níos láidre a fhorbairt agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil don phobal. Cuirfear tús leis an gcreat a chur i bhfeidhm in 2018. <http://ops2020.gov.ie/>

### **Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017 - 2020**

Leagtar amach sa straitéis seo an clár uileaghabhálach AD Státseirbhís na hÉireann ó 2017 go 2020. Forbraíodh é i gcomhréir le Beart 7 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse chun cumas straitéiseach AD a fhorbairt sa Státseirbhís. Seoladh go foirmeálta í i mí Dheireadh Fómhair 2017. <http://hr.per.gov.ie/wp-content/uploads/People-Strategy-for-the-Civil-Service-2017-2020.pdf>

### **Plean Seachadta Bainistíochta Sócmhainní Maoine**

Is é is aidhm don phlean seo feabhas a chur ar phleanáil agus ar bhainistíocht phunann tithíochta na seirbhíse poiblí in Éirinn.. <https://www.opw.ie/media/Property%20Asset%20Management%20Delivery%20Plan.pdf>

### **Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí**

Aithnítear sa straitéis na príomhaidhmeanna chun creat do bharr feabhais agus do nuálaíocht teicneolaíochta a chur ar fáil i Seirbhís Phoiblí na hÉireann <http://ictstrategy.per.gov.ie/>

### **Athluacháil**

An próiseas trína ndéantar luacháil inráitithe a chur ar gach maoin i limistéar údaráis áitiúil ag an am céanna agus atá bunaithe ar luachanna cíosa comhaimseartha.

### **Athbhreithniú**

An próiseas trína ndéantar maoin ar leith a luacháil chun críocha rátála idir athluachálacha

### **Athluacháil 2017**

An chéim den Chlár Náisiúnta Athluachála a chlúdaíonn contaetha Cheatharlach, Chill Dara, Chill Chainnigh, Liatroma, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligigh, na hIarmhí agus Bhaile Átha Cliath Theas.

### **Athluacháil 2019**

An chéim den Chlár Náisiúnta Athluachála a chlúdaíonn contaetha an Chabháin, Fhine Gall, Lú, na Mí, Mhuineacháin, Thiobraid Árann, Loch Garman agus Chill Mhantáin.

### **Athluacháil 2021**

An chéim den Chlár Náisiúnta Athluachála a chlúdaíonn Dún na nGall, Maigh Eo, Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, an Clár, Ciarraí, Contae Chorcaí agus Cathair Chorcaí.

### **Tailte Éireann**

An eagraíocht nua a bheidh mar thoradh ar an gcumasc atá beartaithe a dhéanamh idir an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine

### **Straitéis ICT na hOifige Luachála 2017-2020**

D'fhorbair an Oifig Luachála straitéis uileghabhálach ICT don tréimhse 2017 go 2020 chun cur leis an bPlean Straitéiseach 2017 – 2019 agus chun tacú leis. Díritear sa straitéis ar chórais faisnéise agus cumarsáide nuálacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil ar fud na heagraíochta. [www.valoff.ie/en/Publications/Valuation\\_Office\\_ICT\\_Strategy\\_November\\_2017.pdf](http://www.valoff.ie/en/Publications/Valuation_Office_ICT_Strategy_November_2017.pdf)

# Cé sinn agus cad a dhéanaimid

## Sainordú

Is é feidhm lárnach na hOifige liostaí luachála atá cóir cothrom a chur ar fáil agus a choinneáil ar bun maidir le háitribh tráchtála agus tionsclaíochta de réir fhorálacha na nAchtanna Luachála 2001 go dtí 2015. Cuireann na liostaí luachála seo an bonn ar fáil do mheasúnú agus bailiú rataí tráchtála ag údaráis áitiúla.

## Ár Misean – Cén fáth gur ann dúinn

Chun tacaíocht a thabhairt do bheartas an Rialtais trí sheirbhís luachála maoinne éifeachtach agus neamhchlaonta a chur ar fáil do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara eile.

## Ár bhFís – Cén aidhm atá againn

Bheith mar sholáthraí luachála maoinne den scoth don Stát agus do mhuintir na hÉireann.

## Ár dTiomantais

- Déanaimid tiomantais foirne agus aonair a ailíniú le spriocanna agus cuspóirí eagraíochtúla
- Táimid tiomanta freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara ar bhealach tráthúil, éifeachtach a thugann luach ar airgead
- Oibrímid ar bhealach gairmiúil, eiticíúil agus oibiachtúil
- Roinnimid ár scileanna, eolas, taithí agus faisnéis
- Coinnímid timpeallacht oibre dhearfach bunaithe ar dhínit agus meas
- Déanaimid infheistíocht i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha chun cultúr d'fheabhsúchán agus nuálaíocht leanúnach a chothú
- Cothaímid forbairt phearsanta, smaointeoireacht chruthaitheach, réiteach fadhbanna dearfach, oscailteacht don athrú agus do mhodhanna oibre solúbtha.

# Ár Luachanna



## Ionracas agus Meas

Déanaimid ár gcuid oibre le hionracas agus le meas ar ár gcustaiméirí agus dá chéile. Tuigtear go bhfuil feabhas na heagraíochta bunaithe ar cheannródaíocht thréan dhíograiseach, ar chion oibre an duine aonair agus ar dhícheall comhordaithe na meithle.



## Tús Áite do Leas an Phobail

Táimid tiomanta freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara trí sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail. Féachaimid lena chinntiú go bhfuil ár gcórais agus ár bpróisis solúbtha, inoiriúnaithe agus nuálaíoch agus gur féidir leo freagairt go leanúnach d'éilimh ár bpáirtithe leasmhara.



## Cuntasacht

Tugaimid spreagadh do thimpeallacht oibre ina nglacann gach ball foirne úinéireacht phearsanta, freagracht agus cuntasacht as a ngníomhartha, a n-iompar, a gcinntí agus a dtorthaí.



## Tiomantas do Bharr Feabhais

Cotháimid timpeallacht ina spreagtar gach duine chun a lánacmhainneacht phearsanta a bhaint amach agus ina dtugtar aitheantas do chion tairbhe an uile dhuine.



# Maith a dhéanamh dár gcuid luachanna

Táimid tiomanta mar eagraíocht d'éifeacht a thabhairt dár luachanna ar an mbealach seo a leanas:

- Cruthaímid timpeallacht atá dearfach agus éistimid agus déanaimid cumarsáid lena chéile ar bhealach cuiditheach
- Déanaimid teagmháil lena chéile ar bhealach atá seasmhach, ionraic agus trédhearcach
- Glacaimid freagracht agus cuntasacht as ár ngníomhartha, ár n-iompraíocht, cinntí agus torthaí
- Tugaimid aitheantas do rannpháirtíocht gach duine isteach agus bíonn luach againn air

## Treoirphrionsabail

Beidh na croíphrionsabail seo a leanas mar threoir againn:

- **Meas ar ár bhfoireann:** Tabharfaimid tacaíocht dár bhfoireann a bheith gníomhach, sáraithe agus éifeachtach. Déanfaimid é seo trí chuir chuige earcaíochta éifeachtacha agus bainistíocht feidhmíochta leanúnach a bheith i bhfeidhm. Cuirfimid lena bhforbairt phearsanta agus tacóimid le hilchineálacht agus le cothromaíocht oibre is saoil. Beidh beartas againn maidir le cumarsáid oscailte agus rachaimid i gcomhairle na foirne agus na mbainisteoirí go rialta lena chinntiú go bhfuil ár gcuspóirí á gcomhlíonadh againn i gcónaí.
- **Luach ar Airgead:** cuirfimid barr feabhais le heifeachtúlacht agus le héifeachtacht ár n-acmhainní ar fad. Déanfaimid é seo trí bhainistíocht a dhéanamh ar ár bhfeidhmiúlacht agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar ár gcuid costas. Cinnteoidimid go bhfuil ár bpróisis oibre barrfheabhsaithe agus i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- **Feabhas Leanúnach:** Déanfaimid ár ndícheall i gcónaí feabhas a chur ar ár bhfeidhmiúlacht, ár bpróisis agus an úsáid a bhainimid as an teicneolaíocht. Leagfaimid síos tagarmharc dár n-eagraíocht i ndáil le heagraíochtaí inchomparáide agus déanfaimid ár ndícheall a bheith mar eiseamláir domhanda lenár seirbhísí a chur ar fáil.

# Ag Obair lenár bPáirtithe Leasmhara

Chuamar i gcomhairle lenár bPáirtithe Leasmhara trínár láithreán gréasáin maidir le treo straitéiseach na heagraíochta amach anseo le linn dúinn ár bPlean Straitéiseach roimhe seo a chlúdaigh an tréimhse suas go deireadh 2019 a fhorbairt. D'fháiltíomar freisin roimh aighneachtaí díreacha ó pháirtithe leasmhara seachtracha atá barrthábhachtach lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíocha agus grúpaí gnó, eagraíochtaí maoirseachta gairmiúla, Ranna agus Oifigí Iárnacha an Rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile agus an Binse Luachála neamhspleách.

Chuamar i gcomhairle lenár bhfoireann trí shraith ceardlann a chur ar bun agus leis na bainisteoirí trínár bhFóram Ceannaireachta inmheánach. Chuidigh éascaitheoir seachtrach linn sna comharliúcháin seo agus chuimsíomar na torthaí inár ngníomhartha straitéiseacha, a bhfuiltear ag leanúint leo agus tuilleadh curtha leo sa doiciméad seo.

## Páirtithe Leasmhara Seachtracha



# An Timpeallacht ina nOibrímid

Mar eagraíocht de chuid na hearnála poiblí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tá a lán cúinsí ann a mbíonn tionchar acu ar ár gcuid oibre agus a raibh tionchar acu ar an bPlean Straitéiseach seo. Ar an gcéad dul síos ní mór don Oifig Luachála feidhmiú laistigh dá sainordú reachtúil agus dá reachtaíocht rialaithe, mar a leagtar amach sna hAchtanna Luachála 2001 go 2015 agus i reachtaíocht eile, agus i gcomhréir leis an gcreat atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sa Nós Imeachta maidir le hAirgead Poiblí atá i réim faoi láthair. Ar an dara dul síos ní mór a bheith eolach ar an ról atá ag an Oifig le hionchais pháirtithe leasmhara a chomhlíonadh ar bhealach atá solúbtha agus éifeachtach.

Léirítear téarnamh san eacnamaíocht trí leibhéal gníomhaíochta níos mó sa mhargadh tráchtála agus sa mhargadh maoiníoch agus táimid ag dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as seo sa Phlean Straitéiseach seo. Is gné mhór den mhaoiniú do sheirbhísí áitiúla rialtais an t-ioncam a thagann ó rátaí tráchtála, arb ionann é agus 37% den mheánioncam don tríocha a haon chomhairle ar fad. Aithnímid é sin agus táimid ag cur feabhas ar ár bpróisis chun seirbhís níos tráthúla agus níos uileghabálaí a chur ar fáil ina leith sin. Faoi láthair táimid i mbun clár athluachála náisiúnta a chur i gcrích, an chéad cheann dá leithéid ó lár an naoú haois déag. Is é is aidhm don chlár seo tuilleadh trédhearcachta, aonfhoirmeachta agus cothroime a thabhairt isteach sa chóras rátála in Éirinn.

Tá *Straitéis ICT na hOifige Luachála 2017-2020* ailínithe leis na cuspóirí atá ag *Straitéis ICT na Seirbhíse Poiblí* chun torthaí níos fearr a thabhairt trí nuálaíocht agus barr feabhais san ICT. Féachtar lena chinntiú go gcloímid leis na cúig chuspóir straitéiseacha atá ag ICT na hEarnála Poiblí; *Tógáil le Roinnt, Digiteach chun Tosaigh, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas Níos Fearr agus Cumas Níos Fearr*. Leanfaimid orainn sa chomhthéacs seo chun dul chun cinn i dteicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn a ghiairail chun ardchaighdeán, tráthúlacht agus cur i láthair ár seirbhísí a fheabhsú.

Is tionscnamh tábhachtach dár n-eagraíocht *Clár Athnuachana na Státseirbhíse*. Tá sé dírithe ar athruithe praiticiúla a chur chun cinn ar fud na Státseirbhíse i gceithre réimse: An Státseirbhís a bhainistiú mar eagraíocht amháin aontaithe; An oiread agus is féidir a fháil as gach fostaí de chuid na Státseirbhíse agus as na heagraíochtaí i ndáil le feidhmiú agus cumas; An cultúr, an struchtúr agus na próisis a athrú le go mbeimid níos aclaí, solúbtha agus níos sofhreagraí; agus a bheith ag foghlaim agus ag feabhsú i gcónaí trína bheith níos oscailte do smaointe, dúshláin agus díospóireacht ón taobh amuigh.



Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe in 2015 faoin gclár Athnuachana agus thug na torthaí a bhí air léargas luachmhar ar thuairimí agus ar dhearcthaí na foirne. Tugadh faoi shuirbhé eile in 2017, a bhfuiltear ag fanacht ar na torthaí sainiúla faoi láthair. Táimid tiomanta dul i ngleic leis na ceisteanna a ardaítear sna suirbhéanna seo agus sa suirbhé inmheánach foirne orainn féin le linn tréimse an Phlean Straitéisigh seo.

Tá prionsabail an phlean nua *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, a seoladh i mí na Nollag 2017, tugtha san áireamh againn chomh maith. Leagtar amach creat sa phlean seo chun forbairt agus nuálaíocht a chur chun cinn le go mbeidh torthaí níos fearr ar fáil don phobal agus seirbhís phoiblí ghrinn agus shofhreach a fhorbairt le linn na tréimhse idir 2018–2020 agus ina dhiaidh sin.

Beidh tionchar ag na tionscnaimh a forbraíodh faoi *Chlár Athnuachana na Státseirbhíse* ar bhainistíocht agus ar fhorbairt daoine, mar a leagtar amach sa *Straitéis Daoine don Státseirbhís*, ar theacht chun cinn na Straitéise Daoine seo le linn shaolré an Phlean seo. Tabharfaidh an straitéis sin éifeacht don chuspóir go mbeidh deiseanna ar fáil do gach ball foirne barr a gcumas a bhaint amach agus oibriú ag na leibhéil is airde feidhmíochta san Oifig Luachála. Agus sinn ag cloí le tosaíochtaí *na Straitéise Daoine don Státseirbhís*, tá sé mar aidhm againn mar an fostóir is rogha, agus ár bhfórsa saothair a choinneáil agus a fhorbairt agus tacaíocht agus meas agus do dhaoine mar an dream a dhéanann forbairt ar ár bhfoireann agus meas a bheith againn orthu.

Tá an Rialtas ag dul ar aghaidh leis an Oifig Luachála, an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann a chumas. Is Tailte Éireann an t-ainm a bheidh ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcumasc agus tá dréachtreachtaíocht á hullmhú faoi láthair chun an comhlacht nua a bhunú.



# Tosaíochtaí Straitéiseacha

Seachadfaimid na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas i rith chúrsa an phlean seo:



Freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara



Cumas eagraíochtúil a fhorbairt



Éifeachtacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú



Coinneoidh socruithe Rialachais Chorporáidigh agus Cuntasachta chuí



Ullmhú do bhunú Tailte Éireann

# Tosaíocht 1: Freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara

Agus ár ngnó á reáchtáil againn bíonn idirphlé againn le raon leathan custaiméirí agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear íocóirí rátaí agus údaráis áitiúla. Bímid i dteagmháil ar bhonn rialta le daoine eile den phobal, gníomhairí gairmiúla ag feidhmiú thar ceann íocóirí rátaí nó cliant eile, eagraíochtaí gnó ionadaíoch, taighdeoirí géineolaíoch agus foireann Ranna agus Oifigí Rialtais eile agus an Binse Luachála neamhspleách.

Is é an cuspóir atá againn freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara sin trí sheirbhís den scoth a sheachadadh ar bhealach tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil, agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí agus na modheolaíochtaí is cuí atá ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Le linn don Phlean Straitéiseach seo a bheith i bhfeidhm, féachfaimid leis an dul chun cinn a dhéanfaimid a chur in iúl do pháirtithe leasmhara go rialta, ag úsáid meascán de chumarsáid dhíreach agus comhroinnt eolais ar ár láithreán gréasáin.

Agus sinn ag freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara tugaimid faoi dhá fheidhm luachála reachtúla móra – athluacháil agus athbhreithniú – agus tugaimid chomh maith faoi réimse seirbhísí neamhreachtúla thar ceann cliant san earnála poiblí agus an pobal i gcoitinne.

An rud a dhéanfaimid  
chun an tosaíocht  
seo a bhaint amach





## Cuirfimid an Clár Náisiúnta Athluachála agus Athbhreithnithe chun cinn

### Athluacháil Faoi dheireadh 2018

- Faoi chéim Athluacháil 2019 den chlár, déanfaimid dul chun cinn maidir leis an athluacháil i gcontaetha an Chabháin, Lú, na Mí, Mhuineacháin, Thiobraid Árann, Loch Garman agus Chill Mhantáin. Déanfaimid dul chun cinn chomh maith maidir leis an dara athluacháil ar Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Cuirfimid athluacháil Chontae Laoise ar fáil tríd an gcur chuige Luacháil le Cúnamh Áitritheora, ina mbeidh gnéithe den fhéinmheasúnacht mar chuid de.
- Tabharfaimid an próiseas digitiúcháin ar na taifid scannta atá againn a úsáidtear mar chuid den phróiseas athluachála chun críche.
- Cuirfimid éifeachtúlachtaí eile i bhfeidhm sna próisis agus nósanna imeachta Athluachála, i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Eagróimid go ndéanfar athbhreithniú neamhspleách ar chlár Athluacháil 2017, a mbeidh athluacháil phíolótach Cheatharlach agus Chill Chainnigh san áireamh ann, a raibh cuideachta sheachtrach ina bun, agus athluacháil na gcontaetha eile ar fad, a tugadh chun críche go himheánach
- Tabharfaimid luacháil ollchuisitheach ar ghnóthas fónais phoiblí amháin chun críche.
- Cuirfimid síneadh leis an méid taifead athluachála is féidir a rochtain a fháil orthu ar líne.
- Comhaontóimid Prótacal Comhroinnte Sonraí le gach Údarás Áitiúil.

### Athluacháil 2019-2020

- Tabharfaimid an athluacháil ar chontaetha an Chabháin, Lú, na Mí, Mhuineacháin, Thiobraid Árann, Loch Garman agus Chill Mhantáin chun críche. Tabharfaimid an dara athluacháil ar Chomhairle Contae Fhine Gall chun críche chomh maith. Beidh athluacháil déanta ar thuairim is 30,000 áitreabh mar thoradh ar chéim Athluacháil 2019 den chlár náisiúnta.
- Eagróimid athluacháil neamhspleách ar an tionscnamh píolótach Luacháil le Cúnamh Áitritheora.
- Le linn 2019, tabharfaimid faoi athluacháil ollchuisithe ar dhá ghnóthas fónais phoiblí chun críche agus tabharfar seacht ngnóthas eile chun críche le linn na bliana 2020.
- Leanfaimid d'fheabhas a chur ar na próisis atá againn d'fhonn na héifeachtaí is fearr a bhaint amach sna cleachtais agus nósanna imeachta athluachála, i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Síneoidimid orduithe luachála reachtúla don athluacháil atá le déanamh ar limistéir na n-ocht údarás áitiúla eile atá fanta. Cuirfear tús leis an gcéim deiridh den Chlár Náisiúnta Athluachála, ar a dtugtar Athluacháil 2021 faoin bPlean Straitéiseach seo agus tabharfar chun críche í lasmuigh de scóip an phlean seo.
- Tabharfaimid an dara athluacháil ar limistéar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin chun críche.

### **Athbhreithniú Faoi dheireadh 2018**

- Cuirfimid leis an acmhainn Athbhreithnithe atá againn d'fhonn dul i ngleic leis an éileamh níos mó atá ar ár gcuid seirbhísí Athbhreithnithe.
- Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2018, comhaontóimid bearta leis na páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn dul i ngleic le riaráistí na n-iarratas Athbhreithnithe atá fós idir lámha.
- Cuirfimid tús leis na bearta sin a chur i bhfeidhm i R3 2018
- Leanfaimid de na héifeachtaí sna próisis, nósanna imeachta agus teicneolaíocht a bhaineann leis an Athbhreithniú a chur i bhfeidhm d'fhonn an tseirbhís is éifeachtaí a chur ar fáil.
- Comhaontóimid Prótacal Comhroinnte Sonraí le gach Údarás Áitiúil.

### **Athbhreithniú 2019-2020**

- Faoi Dheireadh Fómhair 2019, beidh na bearta a comhaontaíodh curtha i bhfeidhm d'fhonn riaráistí na n-iarratas Athbhreithnithe atá idir lámha amháin an 1 Meitheamh 2019 a ghlanadh.
- Comhaontóimid bearta leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha d'fhonn a chinntiú go ndéantar na cásanna a bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu a bhainistiú go héifeachtach agus go dtugtar an riar cásanna athbhreithnithe i gContaetha Athluacháil 2021 chun críche.
- Ó mhí Eanáir 2020, próiseálfaimid gach iarratas Athluachála bailí nua laistigh de shé mhí, i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla nua.
- Leanfaimid d'éifeachtúlacht a spreagadh i ndáil le próisis, nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí d'fhonn na leibhéil is fearr maidir le seirbhís Athbhreithnithe a chur ar fáil.





### Déanfaimid gach iarracht dul i mbun réimse leathan seirbhísí luachála neamhreachtúla

#### Faoi dheireadh 2018

- Cuirfimid feabhas ar an bpróifíl atá againn chun ár mbunachar cliant Stáit a leathnú tuilleadh.
- Cuirfimid Prótacal Caidreamh le Custaiméirí foirmiúil ar fáil lenár mbunachar cliant Stáit
- Déanfaimid córas bainistithe cáis a thionscain do na seirbhísí luachála neamhreachtúla atá againn.

#### 2019-2020

- Cuirfimid leis an mbunachar cliant Stáit atá againn
- Déanfaimid athbhreithniú ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus ar an gcaoi a gcuirimid ar fáil iad faoin *bPlean Seachadta Bainistíochta Sócmhainní Maoine*
- Déanfaimid suirbhé ar rannpháirtíocht custaiméirí ar ár mbunachar cliant Earnála Poiblí
- Déanfaimid córas bainistithe cáis a chur i bhfeidhm do na seirbhísí neamhreachtúla atá againn.
- Aistreoimid na cásanna uile go dtí córas bainistithe agus stórála leictreonach.



### Tionscadail Eile

#### Faoi dheireadh 2018

- Tabharfaimid an réamhobair atá de dhíth d'fhonn na córais airgeadais agus buiséadaithe atá againn a aistriú chuig ardán na Seirbhísí Comhroinnte Párola.
- Leanfaimid de leabhair ár nOifige Cartlainne a dhigitiú agus é mar aidhm againn na buntaifid a chaomhnú agus cur leis an méid de na taifid sin a bheidh ar fáil ar líne don phobal.
- Rachaimid sa tóir ar thionscadal d'fhonn na mapaí stairiúla atá againn a dhigitiú i gcomhréir lenár dtiomantas taifid cartlainne a chaomhnú.

#### 2019-2020

- Cuirfimid an obair ullmhúcháin atá riachtanach i gcrích chun ár gcórais airgeadais agus buiséadaithe a aistriú chuig an ardán Séirbhísí Airgeadais Comhroinnte.
- Tabharfaimid ár gcuid seirbhísí ar líne maidir leis na taifid cartlainne dhigitithe ar fad atá ar fáil don Phobal chun críche
- Tabharfaimid an tionscadal d'fhonn na mapaí stairiúla atá againn a dhigitiú chun críche i gcomhréir lenár dtiomantas taifid cartlainne a chaomhnú.
- Tabharfaimid an próiseas maidir le leabhair ár nOifige Cartlainne a dhigitiú chun críche agus é mar aidhm againn na buntaifid a chaomhnú agus cur leis an méid de na taifid sin a bheidh ar fáil ar líne don phobal.

# Tosaíocht 2: Cumas Eagraíochtúil a Fhorbairt

Thar thréimhse an Phlean Straitéisigh seo, tá sé mar aidhm againn a bheith ina eagraíocht earnála poiblí ardfheidhmíochta i gcónaí, atá ábalta maith a dhéanamh den sainordú reachtúil agus de na cuspóirí gnó atá againn. Aithnímid gur gá tacaíocht a thabhairt agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt na foirne mar dhaoine aonair le go mbeidh taithí na hoibre san Oifig Luachála tairbheach agus go gcuirtear le dul chun cinn gairme. Bainfidimid an úsáid is fearr as scileanna, taithí agus saineolas gairmiúil na foirne d'fhonn an plan seo a sheachadadh. Tá sé d'aidhm againn a bheith mar an fostóir is rogha le daoine ar mian leo dul i bhfeidhm ar sheachadadh seirbhísí poiblí.

An rud a dhéanfaimid  
chun an tosaíocht  
seo a bhaint amach





# Leas a bhaint as poitéinseal agus cumas na foirne agus na mbainisteoirí laistigh den eagraíocht

## Faoi dheireadh 2018

- Cothaímíd cultúr eagraíochtúil dearfach i gcomhréir leis na Luachanna, lompraíochtaí agus na Treoirphrionsabail atá againn.
- Cumasóimid an Fóram Ceannaireachta d'fhonn an clár athruithe a threorú agus d'fhonn tacú leis an bhfoireann agus leis an eagraíocht an Plean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm.
- Cuirfimid Straitéis Daoine fhoirmiúil i dtoll a chéile chun tréimhse an Phlean Straitéisigh seo a chlúdach.
- Tionólfaimid suirbhé ar atmaisféar foirne chun an dul chun cinn atá déanta againn a mheas agus, i gcomhar leis an anailís ar thorthaí Shuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2017, cuirfear Plean Gnímh i dtoll a chéile d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon deacracht a thiocfaidh chun cinn agus tús áite a thabhairt don phlean gnímh sin mar chlár oibre don Fhóram Ceannaireachta.
- Leanfaimid ag tacú le baill foirne chun cáilíochtaí cuí a bhaint amach agus chun tabhairt faoi dheiseanna foghlama agus oideachasúla ábhartha eile.
- Leanfaimid ag forbairt ár scileanna ceannaireachta agus bainistíochta trí oiliúint spriocdhírthe agus tionscnaimh forbartha.
- Feabhsóimid an cur chuige atá againn maidir leis an bhFórsa Saothair a Phleanáil trí mheasúnacht sheasta a dhéanamh agus é mar aidhm leis iarrthóirí den scoth a mhealladh do na poist atá fógartha againn.
- Cuirfimid timpeallacht oibre atá compordach agus sábháilte ar fáil don fhoireann agus do chuairteoirí.
- Comhaontóimid pleananna forbartha aonair do gach ball foirne tríd an bpróiseas PMDS.
- Leanfaimid de thionscnaimh a chur i bhfeidhm chuideoidh leis an bhfoireann an poitéinseal atá iontu a bhaint amach. Cuirfimid an réimse scileanna atá ag an bhfoireann ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis na riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn.

## 2019 - 2020

- Leanfaimid de chultúr eagraíochtúil dearfach i gcomhréir leis na Luachanna, lompraíochtaí agus na Treoirphrionsabail atá againn a chothú.
- Neartóimid prionsabail a bhaineann le Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta, ag tacú lenár gcuid bainisteoirí agus á bhforbairt d'fhonn sin a dhéanamh
- Tabharfaimid ár bPlean Straitéiseach chun críche agus tabharfar aghaidh ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn sa Suirbhé ar Atmaisféar Foirne inmheánach agus sna Suirbhéanna ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse
- Beimid seasta ag déanamh taighde maidir le tionscnaimh folláine foirne eile agus á gcur i bhfeidhm.
- Leanfaimid ag tacú le hearcaíocht chothromaithe agus le bearta um ardú céime de réir beartais agus treoirlínte Rialtais láir.

# Tosaíocht 3: Éifeachtacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú

Tá réadú rathúil ár misin agus baint amach ár gcuspóirí ag brath ar fhoireann oilte, an-spreagtha a bhfuil taithí acu a bheith againn. Tuigimid go mbíonn struchtúr ceart ag eagraíocht a mbíonn an rath uirthi agus go bhfuil sí dírithe ar ardfheidhmíocht agus tuigimid gur ghá an réimse scileanna atá ar fáil againn laistigh den eagraíocht a leathnú amach de réir mar a bheidh an plean seo á chur i bhfeidhm againn.

Tuigimid, le go mbeimid in ann seirbhís den scoth a chur ar fáil, go gcaithfimid dúshlán a thabhairt do na cuir chuige oibre atá ann ag gach leibhéal agus gnáthchleachtas a dhéanamh den dea-chleachtas. Táimid i mbun an aistrithe go dtí eagraíocht níos comhaimseartha a chuirfidh seirbhís ardchaighdeán ar fáil i gcónaí.

Bunóimid spriocanna a bheidh dúshlánach ach a mbeifear in ann a bhaint amach don fhoireann, déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus tabharfar aghaidh ar aon laigeachtaí agus ag an am céanna tabharfar tacaíocht don fhoireann an toradh is fearr a bhaint amach d'fhonn an méid a mbeidh súil ag ár gcustaiméirí uainn a sheachadadh.

Tá sé riachtanach go gcoinneoidimid an cumas atá ionainn leanúint d'fhoireann atá ábalta, spreagtha agus a bhfuil na scileanna acu a earcú d'fhonn tacú leis an eagraíocht amach anseo.

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo ar bhonn leanúnach ag an bhFóram Ceannaireachta agus déanfaidh an Bord Bainistíochta é a athbhreithniú go bliantúil. Tá múnla pleanála gnó na hOifige Luachála leagtha amach chun obair gach aonad feidhmiúil agus ball foirne a nascadh leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá ina Plean Straitéiseach.

Déanfar na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sna pleananna gnó a shannadh ar bhaill foirne aonair agus a chuimsiú laistigh den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a mbaintear úsáid as chun feidhmíocht agus riachtanais foghlama agus forbartha na foirne a bhainistiú. Tabharfaidh an cur chuige lánpháirithe seo comhtháthú, freagracht agus treoir a bhfuil cuspóir leis dár gcuid oibre le go mbeimid in ann an Misean atá againn a thabhairt chun fire agus oibriú i dtreo an Fhís atá againn a bhaint amach.

An rud a dhéanfaimid  
chun an tosaíocht  
seo a bhaint amach





### Forbróimid cultúr ardfheidhmíochta

Cuirfimid cultúr ardfheidhmíochta chun cinn agus táimid tiomanta d'fheabhas leanúnach Spreagfaimid an nuálaíocht, solúbthacht agus obair i gcomhar i measc ár gcuid foirne.

#### Faoi dheireadh 2018

- Cuirfidh gach aonad oibríochta a bPlean Gnó féin i dtoll a chéile agus aontóidh siad é faoi lár mhí na Nollag.
- Ullmhóimid plean gnó eagraíochta roimh dheireadh na bliana d'fhonn ionchur ó phleananna gnó na n-aonad oibríochta a chur san áireamh ann chomh maith le cuspóirí an Phlean Straitéisigh seo.
- Leanfaimid de chlár cóitseála agus meantóireachta a fhorbairt do bhaill foirne nua.
- Déanfar maoirseacht agus monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo tríd an bhFóram Ceannaireachta.
- Cuirfimid an Córas Bainistithe Foghlama a chuireann OneLearning ar fáil i bhfeidhm.
- Déanfaimid plean gnímh don Oifig Luachála a fhorbairt, a chur iúl agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR)
- Scrúdóimid na riachtanais a bheidh de dhíth maidir le córas cuimsitheach bainistithe taifead a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta
- Beifear in ann eolas a bheidh stuama ó thaobh gnó de a dhéanamh de na sonraí atá againn, rud a éascóidh próiseas déanta cinntí níos eolasaí dúinn

#### 2019 – 2020

- Cuirfidh gach aonad oibríochta a bPlean Gnó féin i dtoll a chéile agus aontóidh siad é faoi lár mhí na Nollag gach bliain.
- Ullmhóimid plean gnó eagraíochta roimh dheireadh na bliana d'fhonn ionchur ó phleananna gnó na n-aonad oibríochta a chur san áireamh ann chomh maith le cuspóirí an Phlean Straitéisigh seo.
- Leathnóimid an clár cóitseála agus meantóireachta atá againn ar fud na heagraíochta.
- Forbróimid sraith chuimsitheach de Phríomhtháscairí Feidhmíochta bunaithe ar an bPlean Gnó
- Athbhreithneoidimid Plean Gnó na bliana roimhe faoi dheireadh mhí Feabhra
- Déanfaimid monatóireacht ar fheidhmíocht dhaoine aonair, na n-aonad oibríochta agus na heagraíochta i gcomparáid leis na tiomantais a aontaíodh
- Déanfar maoirseacht agus monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo tríd an bhFóram Ceannaireachta.
- Cuirfimid Córas cuimsitheach Bainistithe Taifead i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis na ceanglais um Chosaint Sonraí atá ann.
- Cuirfimid tuilleadh le cumas na hÉirime Gnó ar fud na heagraíochta



### Cuirfimid barr feabhas ar ár gCórais Faisnéise

Is príomhphrionsabail iad bailiú, próiseáil agus roinnt sonraí maidir leis an spreagadh atá againn feabhas a chur ar sheirbhísí a chur ar fáil agus ar thaithí na bpáirtithe leasmhara. Leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh maidir leis na sonraí atá againn a bhailiú, a phróiseáil, a anailísiú agus a scaipeadh. Déanfaimid lear mór acmhainní breise a infheistiú chomh maith d'fhonn córas gnó líne nua a fhorbairt. Tiocfaidh an córas sin, ar a dtugtar AXIA, in áit an chórais atá ag an Oifig Luachála agus bainfidh sé an leas is fearr as an teicneolaíocht agus an nuálaíocht is déanaí atá ar fáil chun dlús agus feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

#### Faoi dheireadh 2018

- I gcomhréir leis na moltaí atá i *Straitéis ICT na hOifige Luachála 2017-2020*, tosóimid ag ullmhú na sonraíochta do thionscadal AXIA a thiocfaidh in áit an chórais luachála atá ann.
- Cuirfear tuilleadh feabhais ar an úsáid a bhaintear as *Córais Faisnéise Geografaí (GIS)* ar fud na heagraíochta.
- Díreoidimid tuilleadh acmhainní chun an ailtireacht frontair ICT atá againn a chothabháil agus a athnuachan.
- Bunóimid tairseach Sonraí Oscailte agus foilseoimid na tacair sonraí i bhformáidí atá oscailte, saor in aisce agus inathúsáidte i gcomhréir leis an *Straitéis Náisiúnta Sonraí Oscailte 2017-2022*
- Bainfidimid tuilleadh úsáide as Éirim Ghnó chun go mbeimid ábalta leas a bhaint as sin sna próisis déanta cinntí
- Déanfaimid beartais cibearshlánda bhreise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn
- Déanfaimid creat foirmiúil bainistithe tionscadal agus modheolaíocht don fheidhm ICT a fhorbairt
- Cuirfimid córas bainistithe glaonna - *Bainistiú Seirbhíse IT (ITSM)* - i bhfeidhm

#### 2019 – 2020

- Leanfaimid dár gcórais ICT a fhorbairt d'fhonn éifeachtaí i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta a spreagadh tuilleadh
- Tabharfaimid an próiséas soláthair maidir leis an tionscadal seirbhíse luachála nua (AXIA) chun críche
- Bainfidimid tuilleadh úsáid as teicneolaíocht mhóibíleach allamuigh d'fhonn éifeachtaí a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta
- Tabharfaimid an chéad chéim de chur i bhfeidhm chórais AXIA chun críche
- Leanfaimid d'fheabhas a chur ar na tacair sonraí Sonraí Oscailte agus cur leo
- Cuirfimid tuilleadh le cumas na hÉirime Gnó ar fud na heagraíochta
- Déanfaimid an plean athshlánaithe ó Thubaiste agus na próisis leanúnachais gnó agus cáipéisíocht a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta
- Déanfaimid meadrachtaí, Comhaontuithe Seirbhíse agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt d'fhonn seirbhísí ICT a chur ar fáil
- Leanfaimid den ailtireacht frontair ICT atá againn a fhorbairt

# Tosaíocht 4: Rialachas agus Cuntasacht

Le linn thréimhse an Phlean seo, táimid tiomanta do na leibhéal is airde rialachais agus cuntasachta i gcomhréir leis na caighdeáin agus oibleagáidí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar cheanglais agus treoirlínte Rialtais Láir agus an próiseas polaitíochta.

Tá ár gcuid croíluchanna leagtha amach agus imscríofa sa reachtaíocht, na hAchtanna Luachála 2001 go 2015 go príomha. Táimid tiomanta dul i mbun ár gcuid oibre i gcomhréir leis sin agus i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha eile agus trí thagairt don chomhthéacs dlí níos leithne ina mbímid ag obair.

An rud a dhéanfaimid  
chun an tosaíocht  
seo a bhaint amach



## Tosaíocht 4: Rialachas agus Cuntasacht

### 2018 - 2020

- I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, cinnteoidimid go leanfar dár gcuid socruithe rialachais a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis caighdeán an Rialtais Láir, lena n-áirítear an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.
- Le linn 2018, déanfaimid ár gCreat um Rialachas Corparáideach a athbhreithniú agus a fhoilsiú.
- Bainfimid comhlíontacht amach maidir le ceanglais um Chosaint Sonraí a bheidh ag teacht chun cinn agus coinneoidimid é, lena n-áirítear ceanglais a thiocfaidh chun cinn nuair a chuirfear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm.
- Leanfaimid de phróiseas Pleanála Gnó bliantúil éifeachtach a chur i bhfeidhm bunaithe ar na príomhtháscairí feidhmíochta cuí.
- Déanfar maoirseacht agus monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh seo tríd an bhFóram Ceannaireachta.
- Leanfaimid de chúnamh a thabhairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dul i mbun a cuid oibre.
- Cuirfimid seirbhís éifeachtach ar fáil do chomhaltaí an Oireachtais agus d'ionadaithe tofa eile a dhéanfaidh fiosraithe leis an Oifig.
- Cuideoidimid le Coistí Oireachtais dul i mbun a gcuid feidhmeanna.
- Cloífimid leis na beartais agus cleachtais airgeadais arna sainordú ag an Rialtas agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Foilseoidimid Tuarascáil Bhliantúil ina mbeidh cur síos ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm
- Coinneoidimid na beartais agus struchtúir bainistithe riosca chuí faoi threoir ag ár gCoiste Iníúchta agus Riosca.
- Tabharfaimid faoi athbhreithniú bliantúil foirmeálta ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm tríd an mBord Bainistíochta.



# Tosaíocht 5: Ullmhú do bhunú Tailte Éireann

Mar chuid den chlár caomhchóiriúcháin maidir le comhlachtaí Stáit, tá an Rialtas ag leanúint ar aghaidh leis an gcumasc idir an Oifig Luachála, an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) agus an tSeirbhís Ordanáis (OSi). Beidh freagracht ar an eagraíocht nua, ar a dtugtar Tailte Éireann, a eascróidh as an gcumasc sin as:

- Seirbhís luachála maoine an Stáit
- Córas clárúcháin maoine an Stáit
- Bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit
- Forbairt agus cothabháil fhaisnéis gheospásúlachta an Stáit

Is forbairt ollmhór é an cumasc sin agus beidh reachtaíocht phríomha de dhíth chun an t-eintiteas nua a bhunú. Léireoidh foilsíú an *Bhille um Thailte Éireann*, atá á dhréachtú faoi láthair, an chéad chéim chinniúnach eile i dtreo an cumasc a thabhairt chun críche.

Leagtar amach sa phlean seo an chaoi a n-oibreimid i dtreo Tailte Éireann a bhunú, i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa PRA agus san OSi, faoi cheannaireacht na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is príomhchuspóir é a chinntiú go mbeidh an Oifig Luachála ullamh go maith agus í ag dul isteach san eagraíocht nua agus an cumas cuí aici le tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna a chuirfidh an cumasc roimpi.

An rud a dhéanfaimid  
chun an tosaíocht  
seo a bhaint amach



## Tosaíocht 5: Ullmhú do bhunú Tailte Éireann

### Faoi dheireadh 2018

- Leanfaimid orainn lenár ról gníomhach sna meithleacha éagsúla a bunaíodh leis an gcumasc a chur chun cinn.
- Cuirfimid aon chúnamh agus tacaíocht a bheidh de dhíth ar fáil don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus d'Oifig an Ard-Aighne Bille Thailte Éireann á dhréachtú.
- Cuirfimid le forbairt phrótacail do théarmaí agus coinníollacha neamhphá d'fhoireann Thailte Éireann.
- Cuirfimid le forbairt struchtúr airgeadais agus eagraíochtúla cuí do Thailte Éireann.
- Leanfaimid orainn ag cur tionscadail agus tionscnaimh chomhchoiteanna i bhfeidhm i gcomhar le PRA agus OSi.
- Oibreoidimid le comhshamhail sonraí a fhorbairt i dteannta PRA agus OSi.
- Cinnteoidimid go mbíonn straitéis cumarsáide éifeachtach ann chun an fhoireann agus páirtithe leasmhara eile a choinneáil ar an eolas maidir le bunú Thailte Éireann.
- Cuirfimid an Binse Luachála ar an eolas maidir le gach forbairt a eascraíonn as an gcumasc a mbeidh tionchar acu ar a chuid oibre.

### 2019-2020

- Cuirfimid aon tacaíocht a bheidh de dhíth ar fáil don Aire agus d'oifigigh na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun Bille Thailte Éireann a chur tríd an Oireachtas.
- Oibreoidimid chun seirbhísí don phobal a fheabhsú agus úsáid á baint as acmhainní i gcomhar na gcomhpháirtithe cumaisc.
- Cuirfimid le Comhphlean don Fhórsa Saothair a fhorbairt do Tailte Éireann.
- Beimid rannpháirteach i gclár faisnéise poiblí atá éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis an gcumasc.
- Rachaimid i dteagmháil leis na comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann le linn an phróisis i dtreo Tailte Éireann a bhunú.
- Leanfaimid de chomhshamhail sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le PRA agus OSi.
- Cinnteoidimid go gcoinnítear an Binse Luachála ar an eolas go hiomlán maidir leis na forbairtí go léir a eascraíonn as an gcumasc.

Bloc 2, Ionad Irish Life,  
Sráid na Mainistreach Íocht., Baile Átha Cliath D01E9X0

Teil: +353 1 817 1000

Facs: +353 1 817 1180

Gréasán: [www.valoff.ie](http://www.valoff.ie)

**Gach ceist/iarratas Rátála  
ar thuarascálacha luachála**

R-phost: [valuationservices@valoff.ie](mailto:valuationservices@valoff.ie)

**Oifig Phoiblí-Taighde Cartlainne/  
Sleachta Deimhnithe**

R-phost: [info@valoff.ie](mailto:info@valoff.ie)

**Oifig Phoiblí - Uaireanta Oscailte**

Luan go Aoine, gan saoire phoiblí san áireamh: 9.15am to 4.30pm

